AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.1.2024
COM(2024) 9 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar**

GA GA

# 1 RÉAMHRÁ

## 1.1 AN AIDHM LEIS AN TUARASCÁIL

Sonraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar [1] earraí de bhóthar nach mór don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin agus maidir le forbairtí amach anseo faoin 31 Nollaig 2014 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin. Is í an tuarascáil reatha seo an ceathrú tuarascáil a chomhlíonann an ceanglas sin.

Tugtar breac-chuntas sa chéad chuid den tuarascáil seo ar chúlra, ar chomhthéacs beartais agus ar chumhdach an Rialacháin. Tugtar tuairisc sa dara cuid ar a chur chun feidhme ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún (Eurostat), ar ualach agus ar chostais na mBallstát maidir le bailiú sonraí, saincheisteanna modheolaíochta agus cáilíochta sonraí, agus ar na modhanna éagsúla chun staidreamh iompair lasta de bhóthar a fhoilsiú. Tagraíonn an dá chuid dheireanacha d'fhorbairtí féideartha amach anseo ar staidreamh iompair lasta de bhóthar agus soláthraítear príomhchonclúidí na tuarascála iontu.

## 1.2 CÚLRA AN CHREATA DHLÍTHIÚIL

Is athmhúnlú é Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ar Rialachán (CE) Uimh. 1172/98 ón gComhairle an 25 Bealtaine 1998 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar [2] agus is céim chun cinn é i bhforbairt staidrimh iompair san Aontas. Is é an bunús dlí é chun réimse leathan sonraí a bhailiú maidir le hiompar lasta de bhóthar.

Le Rialachán (AE) Uimh. 70/2012, soláthraítear don Choimisiún, d'institiúidí eile de chuid an Aontais agus do rialtais náisiúnta sonraí staidrimh inchomparáide, iontaofa, comhchuibhithe, rialta agus cuimsitheacha maidir le scála agus forbairt iompar earraí de bhóthar. Tá an fhaisnéis sin ag teastáil chun beartais an Aontais a chumadh agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu.

Seolann na Ballstáit faisnéis chuig an gCoimisiún i bhfoirm micreashonraí. A bhuí leis sin, is féidir táblaí staidrimh a sholáthar d'úsáideoirí ina bhfuil teaglamaí éagsúla athróg atá faoi réir coimircí maidir le hiontaofacht sonraí.

Ceapadh Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 chun an t-ualach ar chuideachtaí iompair a íoslaghdú. Tá bailiú sonraí bunaithe ar shuirbhé samplach, agus mar sin ní iarrtar faisnéis ach amháin le haghaidh sampla feithiclí agus ar feadh tréimhse teoranta ama (seachtain de ghnáth). Is féidir leis na Ballstáit oibríochtaí iompair atá faoi bhun tairseacha áirithe a eisiamh ón suirbhé [3]. Mar gheall air sin, áfach, d'fhéadfaí bac a chur ar an inchomparáideacht idir na Ballstáit agus ar an teaglaim le faisnéis ó fhoinsí sonraí eile.

[1] IO L 32, 3.2.2012, lch. 1.
[2] IO L 163, 6.6.1998, lch. 1.
[3] I gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 70/2012, féadfaidh gach Ballstát feithiclí iompair de bhóthar a bhfuil a n-acmhainn ualaigh nó a n-uasmheáchan incheadaithe faoi bhun teorainn áirithe a eisiamh. Ní fhéadfaidh an teorainn sin dul thar acmhainn ualaigh 3,5 tona nó thar an uasmheáchan údaraithe 6 thona i gcás mótarfheithiclí aonair.

Sainítear na táblaí maidir le staidreamh iompair lasta de bhóthar atá le scaipeadh ag Eurostat i Rialachán (AE) Uimh. 202/2010 an 10 Márta 2010 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 6/2003 maidir le scaipeadh staidrimh ar iompar earraí de bhóthar [4].

## 1.3 COMHTHÉACS BEARTAIS

Chun comhbheartas iompair a fhorbairt, teastaíonn eolas domhain ar mhéid an iompair lasta de bhóthar agus ar an dóigh a bhfuil sé tagtha chun cinn.

Is straitéis fáis é an Comhaontú Glas don Eoraip [5] arb é is aidhm do geilleagar an Aontais a dhéanamh inbhuanaithe trí dheiseanna a dhéanamh de dhúshláin aeráide agus chomhshaoil ar fud gach réimse beartais agus tríd an aistriú a dhéanamh cothrom agus cuimsitheach do chách. Chun aeráidneodracht a bhaint amach, tá gá le laghdú 90 % ar astaíochtaí iompair faoi 2050. I measc na ngníomhaíochtaí tosaíochta maidir le haistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste tá:

- borradh a chur faoin iompar ilmhódach;
- tacú le húsáid réiteach soghluaisteachta uathoibrithe agus nasctha ar fud modhanna;
- aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar chostais sheachtracha na ngníomhaíochtaí iompair trí phraghsáil;
- cur le táirgeadh agus úsáid breoslaí malartacha iompair inbhuanaithe; agus
- truailliú ó iompar a laghdú, go háirithe i gcathracha.

I mí na Nollag 2020 chuir an Coimisiún ‘an Straitéis um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe Chliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí’ [6] chun cinn, straitéis ina dtugtar breac-chuntas ar na céimeanna atá beartaithe chun córas iompair an Aontais a athrú i gcomhréir le huaillmhian an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Féachtar leis an straitéis soghluaisteachta leis an bhfís maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, inacmhainne, chuimsitheach, chliste, athléimneach agus iomaíoch a bhaint amach, agus éilítear léi aistriú bunúsach ar an earnáil iompair. Tá trí chur chuige i gceist leis sin ba cheart a chur i bhfeidhm ar gach modh iompair:

- is é an chéad chur chuige an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a chur in ionad na bhflíteanna atá ann cheana agus úsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a mhéadú.
- is é an dara cur chuige úsáid modhanna nach bhfuil chomh truaillithe a mhéadú agus cuid mhór de lasta intíre an lae inniu a iompraítear de bhóthar (75 %) a aistriú chuig na hiarnróid agus chuig uiscebhealaí intíre.
- is é an tríú cur chuige na costais sheachtracha a inmheánú. Tá plean gníomhaíochta ag gabháil leis an straitéis soghluaisteachta agus liostaítear ann 82 thionscnamh i 10 bpríomhréimse le haghaidh gníomhaíochta agus bearta nithiúla atá le glacadh.

Tá na sonraí a bhailítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 tábhachtach, ní hamháin do chinnteoirí, ach freisin d’eagraíochtaí gairmiúla, do chuideachtaí iompair, do thaighdeoirí agus do shamhaltóirí i réimse an iompair de bhóthar. Tá buntábhacht le torthaí an tsuirbhé maidir le faireachán a dhéanamh ar an margadh tarlaithe de bhóthar san Aontas agus baintear úsáid astu go rialta mar thagairt i dteachtaireachtaí ón gCoimisiún, i ndoiciméid inmheánacha oibre agus i measúnuithe tionchair. Cuidíonn mioneolas faoin margadh le hiomaíochas cuideachtaí san earnáil a fheabhsú. Soláthraítear

[4] IO L 61, 11.3.2010, lch. 24.
[5] COM(2019) 640 final.
[6] COM(2020) 789 final.

leis an Rialachán staidreamh is féidir a úsáid freisin chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-aistreofar iompar earraí ón mbóthar go modhanna atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol. Bheadh sciar an lasta a úsáidtear don iompar idirmhódúil ina thacar tábhachtach sonraí amach anseo.

### 1.4 CUMHDACH NA mBALLSTÁT AGUS TÍORTHA EILE

Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 go díreach agus ina iomláine maidir leis na Ballstáit go léir agus ceanglaítear orthu sonraí ráithiúla a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 5 ann. I gcomhréir le hAirteagal 1(3) ann, áfach, ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 maidir le Málta fad is nach rachaidh an líon feithiclí iompair earraí de bhóthar a bheidh cláraithe i Málta agus a bheidh ceadúnaithe chun dul i mbun iompar earraí de bhóthar go hidirnáisiúnta thar 400 feithicil. Chun na críche sin, ní mór do Mhálta líon na bhfeithiclí atá ceadúnaithe chun dul i mbun iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar a thuairisciú do Eurostat uair amháin sa bhliain. Ní mór do Mhálta an líon sin a thuairisciú ar a dhéanaí faoi dheireadh mhí an Mhárta i ndiaidh na bliana lena mbaineann líon na bhfeithiclí iompair earraí de bhóthar.

Soláthraíonn an Iorua agus an Eilvéis na sonraí sin freisin. Maidir le tíortha is iarrthóirí, tá na sonraí sin á soláthar ag Montainéagró agus ag an Macadóin Thuaidh ó bhí 2016 agus 2020 faoi seach ann. Tá na bearta is gá á ndéanamh ag an Albáin faoi láthair chun an suirbhé ar iompar lasta de bhóthar a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Glacann Eurostat gach deis chun tíortha is iarrthóirí agus tíortha ar iarrthóirí ionchasacha iad a spreagadh lena suirbhéanna ar iompar lastais de bhóthar a dhearadh agus a chur i gcrích, ionas go gcomhlíonfaidh siad reachtaíocht an Aontais i réimse an staidrimh.

## 2 OBAIR LEANTACH AR CHUR CHUN FEIDHME RIALACHÁN (AE) UIMH. 70/2012

### 2.1 OIBLEAGÁIDÍ DLÍTHIÚLA A CHOMHLÍONADH

Coinníonn na Ballstáit go léir leibhéal an-ard comhlíontachta ar bun maidir leis na hoibleagáidí maidir le soláthar sonraí a shainítear i Rialachán (AE) Uimh. 70/2012. Soláthraíonn na Ballstáit go léir na tacair sonraí a iarrtar, agus ní bhíonn moilleanna i gceist ach le líon beag cásanna mar gheall ar nuashonruithe ar a gcórais TF agus ar a n-athrú foirne go príomha. Dá bharr sin, is féidir staidreamh ardcháilíochta, tráthúil agus iontaofa a sholáthar maidir le hiompar lasta de bhóthar san Eoraip.

### 2.2 MODHANNA BAILITHE SONRAÍ A ÚSÁIDTEAR SNA BALLSTÁIT

Soláthraítear leis na socruithe modheolaíochta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 an creat chun go mbaileodh na Ballstáit micreashonraí dea-shainithe ar bhonn suirbhéanna náisiúnta.

Bailíonn Eurostat faisnéis faoi mhodhanna náisiúnta bailithe sonraí (úsáid clár, modheolaíocht samplála, cumhdach, etc.) agus cuireann sé ar fáil í ina fhoilseachán *Methodologies used in road freight transport surveys in Member States, EFTA and candidate countries*[7] [Modheolaíochtaí a úsáidtear i suirbhéanna ar iompar lasta de bhóthar sna Ballstáit, in CSTE agus i dtíortha is iarrthóirí].

Thairis sin, déanann tíortha tuairiscithe a gcomhaid náisiúnta meiteashonraí a nuashonrú go bliantúil sa teimpléad 'Struchtúr Meiteashonraí Euro SDMX'. Tá cur i láthair staidrimh ar shonraí iompair lasta de bhóthar i meiteashonraí náisiúnta; faisnéis maidir leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha, leis

---

[7] https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-manuals-and-guidelines/-/ks-gq-21-002 (ar fáil i mBéarla amháin).

an mbeartas maidir le scaipeadh agus le cáilíocht sonraí; aon nuashonruithe modheolaíochta; agus faisnéis maidir leis an suirbhé agus leis an bpróiseáil staidrimh ar shonraí [8].

## 2.3 UALACH AGUS COSTAIS DO NA BALLSTÁIT

Ceapadh Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 chun an t-ualach ar na Ballstáit a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ní gá d'fhormhór na mBallstát bearta breise a dhéanamh toisc gur leor na próisis atá acu cheana chun ceanglais an Rialacháin maidir le bailiú sonraí a chomhlíonadh.

De réir na faisnéise a thuairiscítear sna meiteashonraí náisiúnta, measann formhór mór na dtíortha tuairiscithe go bhfuil an t-ualach oibre do sholáthar sonraí inghlactha. Tá éagothromaíochtaí suntasacha idir tíortha maidir le hualach agus costas an bhailithe sonraí. Braitheann siad sin ar mhéid an tsampla a úsáidtear chun sonraí a bhailiú, rud a athraíonn ó thír go tír, agus ar na córais náisiúnta tiomsaithe sonraí. Meastar gurb é thart ar 30-45 nóiméad an meán-am do fhreagróirí chun sonraí a thuairisciú d'fheithicil amháin lena mbaineann gníomhaíocht iompair le linn thréimhse an tsuirbhé. Tuairiscíonn cúpla tír meán-amanna idir 20 agus 30 nóiméad.

Cuireann an Coimisiún le hiarrachtaí na mBallstát staidreamh náisiúnta iompair lasta de bhóthar a sholáthar. Bainistíonn Eurostat na micreashonraí náisiúnta agus tiomsaíonn sé staidreamh (Táblaí D) le haghaidh gníomhaíocht iompair i ngach tír maidir le feithiclí atá cláraithe i dtíortha eile. Seoltar an staidreamh sin ar ais chuig na húdaráis staidrimh náisiúnta, ionas go mbeidh faisnéis staidrimh iomlán acu maidir le gach oibríocht lasta de bhóthar ina gcríoch maidir le trucailí atá cláraithe áit ar bith san Aontas (seachas i Málta), san Eilvéis agus san Iorua agus gur féidir leo staidreamh náisiúnta iomlán a sholáthar. Le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 agus na dtáblaí D arna soláthar ag an gCoimisiún, seachnaíonn tíortha tuairiscithe an iarracht a bhaineann le sonraí a bhailiú maidir le feidhmíocht trucailí eachtracha ina gcríoch le suirbhéanna náisiúnta tiomnaithe. Dá bhrí sin, is mó an costas agus an t-ualach a chruthaítear leis an mbailiú sonraí ná an t-ualach a bhaineann le tairbhe an staidrimh a eascraíonn as sin.

Ina theannta sin, le bailiú agus bainistiú faisnéise ar leibhéal micreashonraí, tugtar an tsolúbthacht do Eurostat maidir le freastal ar riachtanais úsáideoirí maidir le faisnéis staidrimh, gan aon mhoilleanna ná iarracht bhreise ar an leibhéal náisiúnta. Tá scaipeadh an staidrimh ar iompar lasta de bhóthar ag Eurostat agus foilsiú breise na dtáblaí D ag na Ballstáit i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 202/2010.

## 2.4 AN tUALACH RIARACHÁIN A LAGHDÚ AGUS A SHIMPLIÚ

Is sprioc leanúnach don Choimisiún é an t-ualach riaracháin a laghdú agus a shimpliú. I gcomhar le hinstitiúidí staidrimh náisiúnta, cuireann Eurostat gníomhaíochtaí sonracha chun feidhme chun an t-ualach náisiúnta a bhaineann le bailiú agus tuairisciú sonraí a laghdú. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin:

1. uirlisí a fhorbairt chun tuairisciú sonraí réigiúnacha mionsonraithe a éascú (e.g. táblaí a mheaitseálann cóid phoist agus cóid leibhéal 3 NUTS [9]chun faisnéis nach raibh códaithe ach le cód poist ar dtús a úsáid);

[8] https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/road_go_esms.htm (ar fáil i mBéarla amháin).

[9] Aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh: https://ec.europa.eu/eurostat/web/nuts/background (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis).

2. uirlisí bailíochtaithe nuafhorbartha tacar sonraí, lenar féidir le tíortha tuairiscithe a gcuid sonraí a bhailíochtú sula dtarchuirfidh siad isteach go hoifigiúil chuig Eurostat iad agus chun aiseolas a thabhairt ar earráidí sonracha maidir le gach tacar sonraí;
3. cruinnithe rialta saineolaithe ó Bhallstáit, ó thíortha CSTE, ó thíortha is iarrthóirí agus ó thíortha ar iarrthóirí ionchasacha iad (i Sainghrúpa an Choimisiúin maidir le Staidreamh Iompair Lasta de Bhóthar agus tascfhórsaí más gá) chun dea-chleachtais a mhalartú agus chun cáilíocht sonraí, saincheisteanna modheolaíochta agus dul chun cinn amach anseo a phlé.

Chun an t-ualach ar fhreagróirí a laghdú, tá sonraí á dtuairisciú ag roinnt Ballstát trí úsáid a bhaint as ríomhcheistneoirí, bileoga oibre leictreonacha Excel nó feidhmchláir mhóibíleacha le haghaidh iompair in ionad doiciméid ar páipéar. Meastar go gcuirfidh níos mó tíortha modhanna comhchosúla i bhfeidhm go luath.

## 2.5 BAILÍOCHTÚ SONRAÍ AGUS CÁILÍOCHT NA SONRAÍ STAIDRIMH ARNA bhFÁIL

Is ar na Ballstáit atá an fhreagracht sonraí a bhailiú agus a tharchur, ach déanann Eurostat gach beart is gá chun aon earráidí sna sonraí arna bhfáil a bhrath agus tá córas TF sofaisticiúil aige le haghaidh bailíochtú agus próiseáil sonraí. Ó bhí 2022 ann, tá ardchóras TF atá níos fónta á fhorbairt ag Eurostat agus tá dhá chomhpháirt fheabhsaithe ann: uirlisí bailíochtaithe sonraí nua, atá curtha chun feidhme ó bhí mí Eanáir 2023 ann; agus bogearraí cumhachtacha (Córais Anailíse Staidrimh - SAS) chun micreashonraí agus meiteashonraí a phróiseáil. Beidh an córas nua TF forbartha go hiomlán faoi mhí na Nollag 2023 agus feabhsófar leis caighdeáin na seiceálacha cáilíochta a dhéantar. Bainfidh bailiú sonraí iompair lasta de bhóthar tairbhe as an gcóras bailíochtaithe agus próiseála sonraí nuachóirithe sin.

Ar an iomlán, tá cáilíocht na sonraí a fhaightear ó na Ballstáit an-mhaith. Déanann gach Ballstát athbhreithniú ar shonraí i gcás ina mbraitear earráidí. Cuireann Eurostat próiseas bailíochtaithe mionsonraithe i bhfeidhm maidir le seiceálacha ráithiúla micreashonraí agus amshraitheanna ar shonraí ráithiúla agus bliantúla iompair lasta.

- Bailíochtú micreashonraí: Tarchuirfidh na Ballstáit tacair sonraí chuig Eurostat trí thairseach EDAMIS agus i gcomhaid atá comhoiriúnach le caighdeán SDMX (Sonraí Staidrimh agus malartú Meiteashonraí). Cuirtear próiseas bailíochtaithe láidir trí chéim chun feidhme ansin maidir leis na tacair sonraí a fhaightear.
    - Ar an gcéad dul síos, leis an uirlis STRUVAL (‘STRUctural VALidation’), déantar gach tacar sonraí a bhailíochtú i dtéarmaí formáide, iomláine na réimsí éigeantacha, agus chruinneas an struchtúir agus na gcód a úsáidtear.
    - Ar an dara dul síos, bailíochtaítear leis an uirlis CONVAL (‘CONtent VALidation’) inneachar gach tacair sonraí ar bhonn rialacha réamhshainithe. Faigheann na Ballstáit tuairiscithe tuairisc um bailíochtú do gach tacar sonraí tarchurtha ina bhfuil sonraí a fhágann go bhfuil sé éasca aon earráidí a cheartú. Tá na rialacha maidir le bailíochtú curtha i bhfeidhm á nuashonrú go leanúnach ag Eurostat chun freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus chun táirgeadh staidrimh ardcháilíochta a áirithiú.
    - Ar an tríú dul síos, cuirtear sraith eile rialacha um bailíochtú i bhfeidhm laistigh den chóras bainistíochta sonraí TF, i gcás ina gceanglaítear go mbeidh na sonraí 99,5 % ceart sular féidir iad a stóráil i mbunachar sonraí lena bpróiseáil tuilleadh.
- Seiceálacha i dtaca le hamshraitheanna: measann an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach asluiteoirí in amshraith a shainaithint sula bhfoilseofar sonraí. Dá bhrí sin, déanann Eurostat seiceálacha

amshraitheanna ar shonraí ráithiúla agus bliantúla araon. Tá sé tábhachtach go ndeimhneoidh tíortha tuairiscithe treochtaí nuair a thugtar difríochtaí móra faoi deara. Nuair is gá, cuireann tíortha tacair sonraí athbhreithnithe isteach nó cuireann siad mínithe ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha in amshraitheanna isteach. Tá na mínithe sin liostaithe sa doiciméad '*Country and table specific notes*[10]' [Tír agus nótaí a bhaineann go sonrach le táblaí].

## 2.6 TACAÍOCHT MHODHEOLAÍOCH DO NA BALLSTÁIT

Cuireann Eurostat tacaíocht mhodheolaíoch agus theicniúil ar fáil go leanúnach do na Ballstáit agus tá córas faisnéise sonraí agus meiteashonraí iontaofa aige chun staidreamh iompair lasta de bhóthar a tháirgeadh.

Tá dhá lámhleabhar tagartha curtha ar fáil ag Eurostat chun Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 a chur chun feidhme:

- *Modheolaíocht iompair lasta de bhóthar*[11], ina dtugtar breac-chuntas ar an mbonn modheolaíoch chun staidreamh iompair lasta de bhóthar a thiomsú sna Ballstáit, i dtíortha CSTE, i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha ar iarrthóirí ionchasacha iad;
- *Modheolaíochtaí a úsáidtear i suirbhéanna ar iompar lasta de bhóthar sna Ballstáit, in CSTE agus i dtíortha is iarrthóirí*, ina léirítear gnéithe modheolaíocha na suirbhéanna ar iompar lasta de bhóthar a dhéantar sna tíortha tuairiscithe.

## 2.7 SCAIPEADH SONRAÍ

### 2.7.1 Táblaí scaipthe Eurostat

Foilsítear sonraí comhiomlánaithe bunaithe ar na micreashonraí a bhailítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 i mbunachar sonraí scaipthe Eurostat [12]. Is féidir le húsáideoirí táblaí mionsonraithe staidrimh a sholáthraítear i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 202/2010 a fháil. Tá 43 thábla ann maidir le hiompar lasta de bhóthar a chomhlánaítear le comhad meiteashonraí aonair de chuid an Aontais agus le roinnt comhaid meiteashonraí náisiúnta.

In 2022, scaip Eurostat tábla nua maidir le feidhmíocht iompair lasta chríochaithe de bhóthar (i dtona-ciliméadair), a shainítear mar fheidhmíocht i gcríoch náisiúnta atá neamhspleách ar thír chlárúcháin an iompróra. Chun an tsraith feidhmíochta iompair chríochaithe a ríomh, déantar an fheidhmíocht idirnáisiúnta iompair de bhóthar a dhearbhaigh gach Ballstát a mhiondealú san fheidhmíocht a rinneadh i ngach Ballstát eile den Aontas. Is éard atá i gceist le sonraí feidhmíochta iompair a athdháileadh ar Bhallstáit eile an cúrsa taistil turais dóchúil a shamhaltú agus é a theilgean ar ghréasán bóithre an Aontais. Ríomhann Eurostat é sin le cuidiú ó mhaitrís achair. Cuirtear i láthair sa tábla nua feidhmíocht iompair iomlán, náisiúnta, idirnáisiúnta agus cabatáiste do gach Ballstát den Aontas Eorpach, AE-27 ina iomláine, an Iorua agus an Eilvéis. Is iad na sonraí náisiúnta agus na sonraí cabatáiste a úsáidtear chun an tábla seo a sholáthar na sonraí a bhailítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 70/2012.

---

10 https://circabc.europa.eu/ui/group/0c7a12bf-2645-4509-9339-a266f3e1e44d/library/f54dbc3c-55e5-469d-b8e1-4872271562da/details (ar fáil i mBéarla amháin).
11 https://ec.europa.eu/eurostat/en/web/products-manuals-and-guidelines/-/KS-GQ-16-105 (ar fáil i mBéarla amháin).
12 https://ec.europa.eu/eurostat/web/transport/data/database (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis).

### 2.7.2 Foilseacháin

Táirgeann Eurostat Airteagail '*Statistics Explained*' [Staidreamh Mínithe] maidir le hiompar lasta de bhóthar ina soláthraítear anailís ar na sonraí do na meáin agus don phobal. Cumhdaítear leo na topaicí seo a leanas:

- 'general trends in road freight transport' [treochtaí ginearálta maidir le hiompar lasta de bhóthar] [13]
- 'road freight transport by vehicle characteristics' [iompar lasta de bhóthar de réir saintréithe feithicle] [14]
- 'road freight transport by journey characteristics' [iompar lasta de bhóthar de réir saintréithe turais] [15]
- 'road freight transport by type of goods' [iompar lasta de bhóthar de réir an chineáil earraí] [16]
- 'road freight transport - cabotage' [iompar lasta de bhóthar - cabatáiste] [17]

Nuashonraíodh na míreanna sin gach bliain (cé is moite den alt maidir le cabatáiste a nuashonraíodh gach 2 bhliain go dtí 2022 ach a nuashonrófar ar bhonn bliantúil amhail ó 2023). Nuashonraítear na hailt nuair a chríochnaítear an bailiú sonraí do bhliain tagartha ar leith.

### 2.7.3 Sonraí anaithnidithe

I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 557/2013[18] ón gCoimisiún, déantar micreashonraí iompair lasta de bhóthar a anaithnidiú agus a chur ar fáil d'eintitis taighde chun críocha eolaíocha. Faigheann Coimisiún (Eurostat) iarrataí ar shonraí anaithnidithe agus deonaítear rochtain i ndiaidh formheas comhpháirteach a fháil ón gCoimisiún (Eurostat) agus ó na húdaráis staidrimh náisiúnta. In 2021, 2022 agus sa chéad 8 mí de 2023, tugadh rochtain ar shonraí anaithnidithe den Suirbhé Eorpach maidir le Lasta de Bhóthar do sheacht n-eintiteas taighde éagsúla.

### 2.7.4 Bealaí scaipthe eile

Scaiptear sonraí maidir le hiompar lasta de bhóthar freisin trí asbhaint sonraí saincheaptha d'úsáideoirí i míreanna nuachta Eurostat (e.g. *Méadú ar iompar lasta de bhóthar ó 2021* [19]) agus foilseacháin Eurostat eile (e.g. *Príomhfhigiúirí maidir le hiompar Eorpach*[20], *Príomhfhigiúirí maidir leis an Aontas Eorpach ar fud an domhain* [21], *Bliainiris réigiúnach Eurostat*[22] agus *Príomhfhigiúirí*

[13] http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Road_freight_transport_statistics (ar fáil i mBéarla amháin).
[14] http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Road_freight_transport_by_vehicle_characteristics (ar fáil i mBéarla amháin).
[15] http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Road_freight_transport_by_journey_characteristics (ar fáil i mBéarla amháin).
[16] http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Road_freight_transport_by_type_of_goods (ar fáil i mBéarla amháin).
[17] https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Road_freight_transport_statistics_-_cabotage (ar fáil i mBéarla amháin).
[18] Rialachán (AE) Uimh. 557/2013 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2013 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Staidreamh Eorpach a mhéid a bhaineann le rochtain ar shonraí rúnda chun críocha eolaíocha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 831/2002 ón gCoimisiún (IO L 164, 18.6.2013, lch. 16).
[19] https://ec.europa.eu/eurostat/en/web/products-eurostat-news/w/ddn-20230725-1 (ar fáil i mBéarla amháin).
[20] https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-key-figures/w/ks-07-22-523 (ar fáil i mBéarla amháin).
[21] https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-key-figures/w/ks-ex-23-001 (ar fáil i mBéarla amháin).
[22] https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-flagship-publications/-/ks-ha-22-001 (ar fáil i mBéarla amháin).

*maidir le biashlabhra na hEorpa*[23]). Scaiptear na sonraí freisin i bhfoilseacháin Ard-Stiúrthóireachtaí eile de chuid an Choimisiúin, go háirithe i bhfoilseacháin Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair (e.g.'*Statistical pocketbook*[24]'). Foilsítear na sonraí go léir a áirítear in asbhaintí saincheaptha agus foilseacháin i mbunachar sonraí scaipthe Eurostat freisin.

## 3 STAIDREAMH LASTA DE BHÓTHAR A FHORBAIRT A THUILLEADH

Áirítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip, arb é is aidhm dó an tAontas Eorpach a dhéanamh aeráidneodrach faoi 2050, sraith beartas bunathraitheach ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha éagsúla, lena n-áirítear an earnáil iompair. Is féidir le straidreamh iompair lasta de bhóthar cuidiú le spriocanna beartais a leagan síos agus faireachán a dhéanamh orthu. Baintear é sin amach trí shonraí a sholáthar maidir le méideanna earraí a iompraítear, na ciliméadair a thaistealaítear, agus trealamh agus bonneagar iompair de bhóthar. Is earnáil an-suntasach í an earnáil iompair lasta de bhóthar toisc go bhfuil an sciar is airde d'iompar lasta intíre an Aontais aici (77,3 % in 2021 i dtéarmaí tonaí-ciliméadair)[25].

Pléann Eurostat, na Ballstáit, tíortha CSTE, na tíortha is iarrthóirí agus na tíortha ar iarrthóirí ionchasacha iad riachtanais sonraí, bealaí chun staidreamh iompair lasta de bhóthar a fheabhsú agus bealaí chun an t-ualach bailithe sonraí a laghdú tuilleadh le linn chruinnithe Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le Staidreamh Iompair Lasta de Bhóthar.

Baineann forbairt amháin a thosaigh in 2018 le staidreamh amach anseo maidir le hiompar ar fheithiclí fóntais éadroim. Ní iompraíonn na feithiclí sin ualaí an-trom ach taistealaíonn siad líon mór ciliméadar i limistéir uirbeacha agus, dá bhrí sin, cuireann siad go mór le hastaíochtaí agus le plódú. Anuas air sin, is féidir an úsáid atá ag méadú as na feithiclí sin a fheiceáil freisin i dturais idir-uirbeacha agus idirnáisiúnta. Tá an gá atá le sonraí faoi fheithiclí fóntais éadroim ag éirí tábhachtach do go leor tíortha toisc go bhfuil siad á gcomhtháthú i raon feidhme bheartas iompair an Aontais agus i ngníomhartha dlíthiúla gaolmhara. Is féidir cuid de na sonraí le haghaidh feithiclí fóntais éadroim a aisghabháil ó chláir maidir le tástálacha ródacmhainneachta lena mbailítear faisnéis maidir le cineál innill, aicme meáchain, cineál breosla agus teicneolaíocht rialaithe astaíochtaí na feithicle.

Cruthaíodh tascfhórsa a bhí tiomnaithe d'iompar ar fheithiclí fóntais éadroim in 2018 chun modheolaíocht chun sonraí a bhailiú a phlé, lena n-áirítear sainmhínithe, tairseacha, foinsí sonraí agus athróga. In 2022, sholáthair an tascfhórsa doiciméad modheolaíochta mar aon le roghanna chun ceistneoirí féideartha a úsáid le haghaidh bailiú sonraí ábhartha. Tá an mhodheolaíocht mholta á tástáil ag roinnt Ballstát i gcomhthéacs dheontais Eurostat 2022. A luaithe a bheidh torthaí na dtionscadal arna maoiniú ó na deontais ar fáil, déanfaidh an grúpa an mhodheolaíocht atá beartaithe a mhionchoigeartú.

I gcomhairliúchán i scríbhinn in 2022, iarradh ar thíortha tuairiscithe a n-ionchur a sholáthar maidir le feabhsuithe féideartha agus athróga nua sa bhailiú sonraí le haghaidh iompar lasta de bhóthar. Bhain an méid seo a leanas lena a n-ionchur sa chomhairliúchán sin:

---

[23] https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-key-figures/w/ks-fk-22-001 (ar fáil i mBéarla amháin).
[24] https://transport.ec.europa.eu/facts-funding/studies-data/eu-transport-figures-statistical-pocketbook/statistical-pocketbook-2022_en (ar fáil i mBéarla amháin).
[25] Foinse: Tábla Eurostat *Deighilt mhódúil an iompair lasta intíre*: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/TRAN_HV_FRMOD/default/table?lang=en (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis).

- comhchuibhiú na gcatagóirí feithiclí a bhfuil suirbhé le déanamh orthu maidir le sonraí a bhailiú faoi Rialachán (AE) Uimh. 70/2012;
- athróg bhreise ar an gcineál breosla;
- deireadh a chur leis an athróg roghnach A1.1 ('an fhéidearthacht go n-úsáidfear feithicil le haghaidh iompar traschórais');
- togra chun an athróg roghnach A1.6 maidir le catagóirí NACE a thuairisciú ar leibhéal dhá dhigit seachas ar leibhéal ceithre dhigit;
- athróg roghnach nua ar aicme astaíochtaí mótarfheithiclí.

Pléadh na pointí sin le linn chruinniú 2022 Shainghrúpa an Choimisiúin maidir le Staidreamh Iompair Lasta de Bhóthar agus déanfar obair leantach ina leith i gcruinnithe an ghrúpa sin amach anseo.

## 4 CONCLÚIDÍ

Tá an taithí a gnóthaíodh agus na torthaí a fuarthas ó chur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar lasta de bhóthar dearfach i gcónaí. Comhlíonann na Ballstáit na hoibleagáidí maidir le soláthar sonraí, agus leis na hacmhainní a leithdháiltear ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Choimisiúin araon is féidir torthaí ardchaighdeáin a sholáthar. Tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit le Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 a chur chun feidhme agus spreagann sé tíortha is iarrthóirí agus tíortha ar iarrthóirí ionchasacha iad chun suirbhéanna ar iompar lasta de bhóthar a dhearadh agus a chur i gcrích. Tá a chóras TF chun na micreashonraí tarchurtha a bhailíochtú agus a phróiseáil á nuachóiriú ag an gCoimisiún, agus tá scaipeadh an staidrimh iompair lasta de bhóthar leathnaithe aige. Is é Sainghrúpa an Choimisiúin maidir le Staidreamh Iompair Lasta de Bhóthar an comhlacht ina ndéantar cur chun feidhme an Rialacháin agus na feabhsuithe a d'fhéadfadh a chur air a phlé go gníomhach.

Tá Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 fós ina uirlis éifeachtúil agus éifeachtach chun staidreamh iompair lasta de bhóthar atá iontaofa agus inchomparáide a sholáthar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, rud a sheachnaíonn dúbailt oibre. Scaiptear an staidreamh a sholáthraítear mar tháblaí i mbunachar sonraí scaipthe agus foilseacháin Eurostat, mar thacair sonraí anaithnidithe agus mar asbhaintí saincheaptha. Tá staidreamh iompair lasta de bhóthar luachmhar maidir le beartais a dhearadh agus a mheasúnú agus chun faireachán a dhéanamh ar an margadh tarlaithe de bhóthar san Aontas Eorpach.